# 9 An Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh

**9.1** Tá mar sprioc ag Éirinn feabhas 20% ar a cuid éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach idir 2009 agus 2020. Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, tá roinnt pleananna náisiúnta i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh tugtha isteach ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an Roinn).

**9.2** Bunaíodh an Cuntas Tobhaigh Ioncaim Carbóin i Meán Fómhair 2010. Ceanglaíodh ar tháirgeoirí leictreachais ábhartha tobhach a íoc ar a n-astaíochtaí carbóin, agus íocadh an tobhach sin isteach sa chuntas. Ina theannta sin, íocadh díbhinn speisialta ó BSL isteach sa chuntas freisin. Úsáideadh na cistí sin chun costais fuinnimh úsáideoirí móra fuinnimh a fhóirdheonú (gnóthais mhóra, mar shampla).

**9.3** Cuireadh deireadh le bailiú an tobhaigh in 2012 tar éis agóid dhlíthiúil. I mí an Mhárta 2014, íocadh amach iarmhéid deiridh an chuntais mar seo a leanas[1] — íocadh €35 milliún leis an gCiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (an Ciste)[2] agus íocadh €9.4 milliún le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) le haghaidh scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil phoiblí. Úsáideadh cionroinnt OOP don chlár 'Optimising Power@Work'. An sprioc atá leis an gclár feasacht ar an éifeachtúlacht fuinnimh a mhúscailt san earnáil phoiblí agus úsáid fuinnimh san earnáil a laghdú.

**9.4** Cuireadh an Ciste ar bun chun maoiniú trí mheán iasachtaí a chur ar fáil d'eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- tacú le seachadadh clár chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh, agus le bearta eile ar mhaithe leis an éifeachtúlacht fuinnimh, agus
- forbairt margaidh a chur chun cinn le haghaidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh.

## An Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh

**9.5** In ionad infheistiú a dhéanamh go díreach i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, chinn an Roinn, ar chomhairle ón Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA), 'ciste infheisteoirí cáilitheacha' (QIF) a chur ar bun faoi bhainistíocht comhairleoirí ciste seachtracha.[3] Déanann comhairleoirí an QIF na tionscadail infheistíochta a shainaithint agus a bhainistiú.

**9.6** Cláraíodh an QIF mar chuideachta darb ainm Ireland Energy Efficiency Investments plc (ar a dtugtar an QIF anseo thíos). Anuas ar an gcistiúchán ón gCiste, lorg an chuideachta rannpháirtíocht infheisteoirí príobháideacha, rud a chuir ar chumas an QIF acmhainní an Chiste a chur le chéile le cistiúchán ón earnáil phríobháideach.

**9.7** Tá sé sonraithe ag an Roinn go gcuimsítear i measc na dtairbhí féideartha a bhaineann le QIF rochtain ar chistiúchán ón earnáil phríobháideach, rochtain ar shaineolas seachtrach chun earnáil na seirbhísí fuinnimh in Éirinn a fhorbairt, agus úsáid conraitheoireachta um fheidhmíocht fuinnimh. Ina theannta sin, i bhfianaise staid an Státchiste ag an am, dearadh an QIF chun ionstraim chistiúcháin nua a sholáthar agus chun cloí, ag an am céanna, leis na teorainneacha ar an gcaiteachas tionscadail ag dul i bhfeidhm ar easnamh an Rialtais agus leis na ceanglais maidir le státchabhair.

1 Cuireadh an cuntas ar bun leis an Acht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Tobhach Ioncaim Carbóin), 2010, agus tá foráil ann chun na cistí a aistriú chun tairbhe an Státchiste.

2 I gcuntas taisce de chuid an Phámháistir Ghinearálta faoi rialú na Roinne a choinnítear an Ciste.

3 Is é is ciste infheisteoirí cáilitheacha (QIF) ann struchtúr infheistíochta rialaithe atá dírithe ar infheisteoirí sofaisticiúla agus institiúideacha, agus is d'fhéadfadh ciste den sórt sin sochair chánach a chur ar fáil d'infheisteoirí nach bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Déantar QIF a fheidhmiú de réir na Treorach maidir le Bainisteoirí ar Chistí Malartacha Infheistíochta (Treoir 2011/61/AE).

**9.8** Bheadh rioscaí féideartha ann don Roinn dá nglacfaí leas mionlaigh i gciste infheistíochta faoi rialú seachtrach. Ina measc siúd:

- Níl aon smacht ag an Roinn ar na cinntí infheistíochta, lena n-áirítear an luas a dhéantar na hinfheistíochtaí sin.
- D'fhéadfadh an Roinn costais mhóra a thabhú ar sheirbhísí gairmiúla.

**9.9** Féachtar sa tuarascáil seo ar an gcaoi ar cuireadh an QIF ar bun, an bhaint a bhí ag an Roinn i maoirsiú ar ghníomhaíocht an QIF, an leibhéal infheistíochta i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a baineadh amach, agus na táillí agus na costais ar sheirbhísí gairmiúla a tabhaíodh ó cuireadh ar bun é.

## Bunú an QIF

**9.10** Glacadh trí chinneadh Rialtais sa tréimhse idir Feabhra 2013 agus Márta 2014 chun an Ciste a chur ar bun agus chun QIF a úsáid mar an meán infheistíochta. Cuireadh an Ciste ar bun agus súil ann go nginfeadh an QIF toradh bliantúil 8% ar a laghad do na hinfheisteoirí, glan ó tháillí agus ó chostais.

**9.11** I mí Lúnasa 2013, d'fhoilsigh an Roinn iarraidh ar thairiscint le haghaidh saineolaithe infheistíochta seachtracha chun an QIF a bhainistiú. Ba é ról na gcomhairleoirí infheistíochta tionscadail infheistíochta chuí a shainaithint, sonraí an chonartha a chaibidliú, agus na conarthaí a bhainistiú go dtí go gcuirfear i gcrích iad.

**9.12** Roghnaíodh Sustainable Development Capital LLP (SDCL) chun an QIF a bhainistiú ar an 14 Samhain 2013. Ina cháil mar bhainisteoir an QIF, íoctar táille bhliantúil le SDCL ón QIF as a sheirbhísí. Ba é a bhí freagrach freisin as ceapadh an bhainisteora infheistíochta agus riarthóir an chiste.

**9.13** Bhí sé beartaithe go mbeadh trí chéim i bhforbairt an QIF:

- **tréimhse infheistíochta** — Bealtaine 2014 go dtí Bealtaine 2017 (agus foráil ann go bhféadfaí an tréimhse sin a shíneadh ar feadh bliain eile) — ina sainaithneodh SDCL tionscadail agus ina síneofaí conarthaí, agus ina dtosófaí ar thoradh don QIF a fháil ó na hinfheistíochtaí
- **tréimhse iar-infheistíochta**, le tosú tar éis Bhealtaine 2017, ina mbeadh an QIF dúnta d'infheistíochtaí nua, ach ina leanfadh SDCL de bhainistíocht a dhéanamh ar na hinfheistíochtaí a aontaíodh roimhe sin
- **tréimhse scoir** ina ndéanfaí gníomhaíochtaí na cuideachta a dhídhílsiú chuig tríú páirtí. Meastar go dtarlóidh an tréimhse sin i mBealtaine 2024.

**9.14** Tá sé sonraithe ag an Roinn gur struchtúr an-choitianta atá sa QIF i margadh na hÉireann agus gur struchtúr ciste tarraingteach agus éifeachtúil atá ann, dar le hinfheisteoirí. Shonraigh an Roinn go léirítear é sin leis na hinfheisteoirí tráchtála tríú páirtí a bhí toilteanach páirt a ghlacadh sa QIF agus a leanann de bheith rannpháirteach.

### *Cinnteoireacht agus rialú sa QIF*

**9.15** Leagtar amach i ndoiciméid an chiste na critéir infheistíochta atá le comhlíonadh ag an QIF. Níl aon bhaint ag an Roinn le bainistiú laethúil an QIF. Mar sin féin, tá ionadaí ón Roinn ina bhall den choiste comhairleach infheistíochta. Tá NewERA ina chomhairleoir neamhfhoirmiúil ag an Roinn.

**9.16** Is ann don choiste comhairleach infheistíochta chun comhairle a chur ar fáil ar an straitéis infheistíochta ginearálta agus chun gur féidir leis an gcomhairleoir infheistíochta agus an QIF dul i gcomhairle leis i ndáil le coimhlintí leasa féideartha. Faigheann an coiste comhairleach tuairiscí gníomhaíochta ráithiúla, ach níl aon smacht ag an gcoiste ar chúrsaí oibriúcháin. I mí Mheán Fómhair 2018, ba í an tuairisc ghníomhaíochta don chéad ráithe in 2018 an tuairisc ghníomhaíochta ba dhéanaí a bhí faighte ag an Roinn. Faoin mbainisteoir infheistíochta agus faoi stiúrthóirí an QIF atá sé cinntí a ghlacadh maidir le hinfheistíochtaí agus cathain a dhéantar infheistíochtaí.

**9.17** Anuas ar an bhfaisnéis a fhaigheann sé ó pháirt a ghlacadh sa choiste comhairleach infheistíochta, faigheann an Roinn, ina cáil mar scairshealbhóir, ráitis rialta ar luacháil infheistíochtaí ina dtugtar mionsonraí ar ghlanluach sócmhainní reatha an QIF in aghaidh na scaire agus an líon iomlán scaireanna atá ina seilbh.

### *Gníomhaíocht infheistíochta an QIF*

**9.18** Bíodh is go raibh deireadh le cur leis an tréimhse infheistíochta i mí na Bealtaine 2017, bhí foráil i réamheolaire an QIF go bhféadfaí síneadh bliana a chur leis an tréimhse. Bhí foráil dó sin le fáil i bhfaomhadh an Rialtais. Thoiligh bord an QIF do shíneadh i mí an Mhárta 2017 agus rinneadh an tréimhse infheistíochta a shíneadh go dtí mí na Bealtaine 2018. Thoiligh an tAire, ina cháil mar scairshealbhóir, don síneadh sin.

**9.19** Féadfaidh an QIF infheistiú i dtionscadail san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon. Dhá chineál maoinithe atá ar fáil:

- conradh feidhmíochta fuinnimh ina gcuirtear cistiú ar fáil ar iasacht do chuideachta choigilte fuinnimh
- iasachtaí díreacha do chuideachta le haghaidh tionscadal i leith éifeachtúlacht fuinnimh.

**9.20** Bhí infheistíocht €3.4 milliún ar an iomlán déanta ag an QIF i dtrí thionscadal idir mí na Bealtaine 2014 agus deireadh mhí an Mhárta 2018. Sampla is ea Cás A de chonradh feidhmíochta fuinnimh atá maoinithe ag an QIF.

**Cás A Miondíoltóir mór — tionscadal coigilte fuinnimh 60%**

Mhaoinigh an QIF suiteáil córais soilse in áitreabh miondíoltóra mhóir faoi chonradh seirbhísí lánmhaoinithe. Baineadh leas as conradh feidhmíochta fuinnimh in éineacht le comhpháirtí a chuir an tseirbhís ar fáil (conraitheoir soilsithe). Ba é a bhí i gceist leis an tionscadal 5,000 painéal LED a uasghrádú i seacht siopa chun coigilteas fuinnimh a bhaint amach. Rinne an comhpháirtí seachadta seirbhíse na leibhéil lucsa (méid an tsolais á chur ar fáil) a thomhas agus a dheimhniú ar bhonn ráithiúil, agus bhí na híocaíochtaí ón miondíoltóir ag brath ar na leibhéil lucsa chomhaontaithe a bhaint amach.

Ba é thart ar €2 mhilliún luach iomlán na hinfheistíochta a rinne an QIF.

**9.21** Bunaithe ar fhaisnéis sna tuairiscí gníomhaíochta ráithiúla, ríomhadh san iniúchadh seo an ráta toraidh inmheánach le haghaidh an dá thionscadal a bhí nach mór críochnaithe faoi lár na bliana 2018. Sa dá chás (Cás A san áireamh), ba mhó an ráta toraidh ná an 8% a bhí léirithe sa togra don Rialtas chun QIF a chur ar bun.

**9.22** An 9 Aibreán 2018, lorg bord an QIF toiliú na scairshealbhóirí chun síneadh 12 mhí bhreise a chur leis an tréimhse infheistíochta agus chun athruithe a dhéanamh do shrianta áirithe ar infheistíocht. Chinn an Roinn gan tacú leis an athrú sin.

**9.23** Tá sé sonraithe ag an Roinn gur chinn na scairshealbhóirí eile leanúint dá rannpháirtíocht ghníomhach sa QIF tar éis dheireadh na tréimhse infheistíochta an 8 Bealtaine 2018. Le freastal ar mhianta na n-infheisteoirí sin, vótáil an tAire ar son rúin ó shealbhóir gnáthscaireanna an 16 Iúil 2018. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go bhfuil an QIF ag feidhmiú mar fhiontar tráchtála i gcónaí, bíodh is nach féidir aon éileamh eile a dhéanamh ar an Stát.

### *Táillí agus costais a thabhaigh an QIF*

**9.24** Baineann an QIF leas as seirbhísí réimse saineolaithe airgeadais, cánachais agus dlí. Ina theannta sin, tabhaíonn sé táillí agus costais bhliantúla atá iníoctha leis na comhairleoirí infheistíochta, leis an mbainisteoir infheistíochta, leis an taisceánach[1] agus le riarthóir an chiste. Socraíodh an táille bhainistíochta ag 1.25% den chaipiteal geallta i rith na tréimhse infheistíochta. Nuair a cuireadh deireadh leis an tréimhse infheistíochta, bhí an ráta sin le hathrú go dtí 1% den chaipiteal infheistithe. Thart ar €3.8 milliún a thabhaigh an QIF ar an iomlán maidir le táillí agus costais go dtí mí an Mhárta 2018. Ina theannta sin, d’íoc scairshealbhóirí an QIF thart ar €760,000 go díreach leis an gcomhairleoir infheistíochta ar réamhtháillí.

1 Is é taisceánach an QIF atá freagrach as na sócmhainní a chumhdach agus as trádálacha a ghlanadh, agus tá dualgais mhaoirseachta aige lena gceanglaítear air maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí infheistíochta an chiste.

**9.25** Go dtí deireadh mhí an Mhárta 2018, d’fhéadfaí €1.7 milliún ar an iomlán i dtáillí agus i gcostais a mheas mar a bheith inchurtha i leith an Stáit bunaithe ar an méid scaireanna comhréireach. Anuas ar na táillí agus na costais sin, d’íoc an Ciste thart ar €300,000 go díreach leis an gcomhairleoir infheistíochta ar réamhtháillí.

### *Cistí a tharraingt anuas*

**9.26** Gheall an Roinn go ndéanfaí an €35 milliún ar fad sa Chiste a infheistiú sa QIF. Ag deireadh mhí an Mhárta 2018, bhí sé geallta ag infheisteoirí príobháideacha €38.8 milliún a infheistiú. Tarraingíonn an QIF cistí anuas ó na gealltanais sin chun tionscadail fhaofa a mhaoiniú agus chun costais a ghlanadh.

**9.27** Faoi dheireadh mhí an Mhárta 2018, níor tarraingíodh anuas ach €6.4 milliún — agus ba ón gCiste a tháinig €2.9 milliún de sin (gan réamhtháillí €300,000, a íoctar go díreach leis an mbainisteoir infheistíochta, san áireamh).

**9.28** Roimh dheireadh an dáta deiridh bhreisithe d'infheistíochtaí, dheimhnigh stiúrthóirí an QIF go raibh gealltanas faighte i leith roinnt tionscadail eile. Tarraingíodh anuas €10.8 milliún in dhá thráthchuid ar leith ón gCiste i mí na Bealtaine 2018. Dá bhrí sin, is é €14 mhilliún infheistíocht iomlán an Chiste. Léirítear gníomhaíocht an Chiste i Fíor 9.1. Tá sé sonraithe ag an Roinn go n-úsáidfear an €21 milliún atá fágtha sa Chiste chun an Ciste nua um Ghníomhú ar son na hAeráide a mhaoiniú.

**Fíor 9.1 An Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, Aibreán 2014 go dtí Meitheamh 2018**

| | €m | €m |
|---|---|---|
| **Suim a fuarthas ón gCuntas Tobhaigh Ioncaim Carbóin (Aibreán 2014)** | | **35.0** |
| **Íocaíochtaí**[a] | | |
| Bealtaine 2014 | (1.1) | |
| Eanáir 2015 | (0.3) | |
| Meitheamh 2015 | (0.8) | |
| Deireadh Fómhair 2015 | (1.0) | |
| Bealtaine 2018[b] | (10.8) | **(14.0)** |
| **Iarmhéid amhail Meitheamh 2018** | | **21.0** |


Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Cuimsítear ann thart ar €300,000 a íocadh go díreach le comhairleoir infheistíochta an QIF ar réamhtháillí.

b Cuimsítear ann dhá aistriú dar luach €1.8 milliún agus €9 milliún faoi seach.

**9.29** Léirítear i Fíor 9.2 infheistíocht an Stáit sa QIF, agus an ghluaisteach i luach na hinfheistíochta sin. Ba é thart ar €1.4 milliún luach infheistíocht €2.9 milliún an Stáit sa QIF amhail mí na Nollag 2017. I mí an Mheithimh 2018, tháinig méadú ar an luach go dtí thart ar €12 mhilliún nuair a tarraingíodh anuas €10.8 milliún i mí na Bealtaine 2018.

**Fíor 9.2 Costas agus luach infheistíocht an Stáit, Nollaig 2015 go dtí Meitheamh 2018**




Foinse: Ráiteas ar luachála infheistíochta a fuair an Roinn ó riarthóirí an chiste. Níl ráitis ar fáil do na tréimhsí roimh Nollaig 2015.

## Conclúidí

**9.30** Bíodh is gur chuir an Rialtas €35 milliún ar fáil lena infheistiú sa QIF, níor tarraingíodh anuas ach €2.9 milliún faoi Mhárta 2018. Díreach sular cuireadh deireadh leis an tréimhse bhreisithe infheistíochta i mí na Bealtaine 2018, tarraingíodh anuas €10.8 milliún eile ón gCiste le haghaidh tionscadal ar dheimhnigh stiúrthóirí an QIF go raibh gealltanas tugtha ina leith. Dá bhrí sin, is é €14 mhilliún luach iomlán na n-aistrithe ón gCiste. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn nach ndéanfaidh an Ciste aon infheistíocht eile sa QIF, agus go n-aistreofar an €21 milliún atá fágtha sa Chiste chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide ina ionad sin.

**9.31** Agus faomhadh an Rialtais á lorg, thuar an Roinn go mbeadh ráta toraidh bliantúil 8% ar an infheistíocht ann, agus bhí súil le hinfheistíocht shuntasach in éifeachtúlacht fuinnimh sa Stát. Ní dhearnadh an infheistíocht shuntasach i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh go fóill.

**9.32** Is ann do chostais arda dhíréireacha go dtí seo mar thoradh ar an struchtúr casta a bhí in úsáid chun an Ciste a infheistiú. Go bunúsach, beidh costas €2 mhilliún ar a laghad ar an Stát i leith táillí agus costas as aistriú iomlán €14 mhilliún ón gCiste.[1] Mar sin féin, ní heol faoi láthair luach infheistíocht an Stáit amach anseo.

1 Na costais a thabhaítear, íoctar iad ó acmhainní an QIF lena gcuimsítear idir an caipiteal arna tharraingt anuas agus an t-ioncam a fhaigheann sé óna chuid oibríochtaí. Baineann an figiúr €2 mhilliún leis an gcuid sin de na táillí agus na costais iomlána is féidir a mheas mar a bheith inchurtha i leith mhéid scaireanna an Stáit.